



|  |  |
|--|--|
| <b>Coláiste   Aonad Bainistíochta</b>                                    | Oifig Phríomhoifigeach na nDaoine, SIRC, Díl agus Claoclú                          |
| <b>Scoil   Aonad</b>   | Oifig Sábháilteachta, Árachais, Riosca Oibriúcháin agus Comhlíontachta (SIRC) UCD  |
| <b>Teideal an Phoist &amp; Limistéar Ábhair</b><br><i>(más ábhartha)</i> | Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta Sinsearach                                   |
| <b>Tréimhse an Phoist</b>  | Cúig bliana agus (Painéal Sealadach 12 mhí, Téarmaí agus Coinníollacha ceangailte) |
| <b>Grád</b>  | Oifigeach Riaracháin IA  |
| <b>Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme</b>                               | Díl, Rialachas & Comhlíonadh - Leibhéal Gairme 5                                   |
| <b>Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist</b>                                 | 2023-06-044  |
| <b>Bainisteoir Líne</b>  | Bainisteoir Sirc   |
| <b>Uimhir Thagartha an Chomórtais</b>                                    | 017920   |
| <b>Riarthóir Acmhainní Daonna</b>  | Jolanca Desouza  |

### Achoimre ar an bPost:

Tá sé de chúram ar Oifig Sábháilteachta, Árachais, Riosca Oibriúcháin agus Comhlíontachta (SIRC) UCD comhairle maidir le réimse leathan ábhar lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre agus cúrsaí árachais a thabhairt don ollscoil.

Agus é nó í a bheith freagrach don Bhainisteoir SIRC, comhoibreoidh an sealbhóir poist le haonaid acadúla, taighde agus tacaíochta ar fud na hOllscoile, agus tabharfaidh sé nó sí comhairle dóibh maidir le cúrsaí a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre. Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ina p(h)ríomhbhall d'fhoireann sláinte agus sábháilteachta na hOifige SIRC.

Beidh an ceapaí ina c(h)eanródaí ó thaobh comhairle maidir le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre a sholáthar, tabhairt faoi iniúchtaí sábháilteachta, oiliúint sábháilteachta a fhorbairt agus a sholáthar, measúnuithe ar riosca agus ráitis ar shábháilteacht a dhéanamh, measúnuithe DSE a dhéanamh, maoirseacht a dhéanamh ar chóras bainistíochta sábháilteachta agus ar chlár measúnaithe ar shábháilteacht na hollscoile, agus aon dualgas eile a fhéadfaidh an Bainisteoir SIRC a fhorordú. Beidh sé nó sí freagrach freisin as maoirseacht a dhéanamh ar níos mó den fhoireann shóisearach laistigh den Aonad agus tascanna a shannadh dóibh.

Cé go bhfuiltear ag súil go mbeidh bonn eolais fairsing ar shláinte agus ar shábháilteacht ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi, soláthrófar oiliúint inmheánach de réir mar is gá agus ina theannta sin, tacófar leis an gceapaí tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil bhreise.

*Cuirfear iarrthóirí a n-éireoidh leo le painéal chun folúntais reatha agus aon róil AO1A a thiocfaidh chun cinn amach anseo le linn na 12 mhí i ndiaidh an agallaimh a líonadh.*

### Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

#### Príomhdhualgais

- Faoi threoir an Bhainisteora SIRC, maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme chóras bainistíochta sábháilteachta na hOllscoile
- Clár iniúchta sábháilteachta ‘deisce’ agus ‘ar an talamh’ a bhainistiú agus a dhéanamh chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh foriomlán na hollscoile ó thaobh riachtanais reachtúla de.
- Freagairt na hoifige ar cheisteanna maidir le sláinte agus sábháilteacht ó phobal na hollscoile i gcoitinne a stiúradh agus a chomhordú.
- Comhairle sábháilteachta atá slán ón taobh teicniúil de agus ar ardchaighdeán a sholáthar do pháirtithe leasmhara laistigh den ollscoil.
- Doiciméid shábháilteachta ábhartha, amhail Nósanna Imeachta Oibríochta Caighdeánacha, Treoirlínte Sábháilteachta, Measúnuithe Riosca, etc., a fhorbairt, a athbhreithniú agus a choimeád.
- A chinntiú go ndéantar imscrúduithe ar thimpistí san ionad oibre agus go ndéantar tuarascálacha orthu.
- Cúrsaí oiliúna maidir le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre a dhearadh agus a sholáthar do chomhghleacaithe.
- Tuarascálacha teicniúla maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a tháirgeadh, lena n-áirítear tuarascálacha le húsáid ag pearsanra sinsearach na hollscoile.
- Measúnuithe DSE a dhéanamh.
- Ionadaíocht a dhéanamh don Oifig SIRC i ndáil le coistí agus foirne tionscadail éagsúla.
- Gníomhú mar Rúnaí do Choiste Sábháilteachta na hOllscoile.
- Déileáil le gníomhaireachtaí reachtúla thar ceann na hOllscoile.
- Dul i mbun forbairt ghairmiúil leanúnach de réir mar is gá agus mar atá comhaontaithe leis an mBainisteoir SIRC.
- Tús a chur le tograí le haghaidh córas agus forbairt oibríochtúil laistigh den aonad.
- Cabhrú leis an mBainisteoir SIRC i dtaca leis an athbhreithniú leanúnach ar chonarthaí seirbhíse le haghaidh luach ar airgead.
- Tabhairt faoi aon dualgais eile a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht de réir mar a fhorordóidh an Bainisteoir SIRC agus a ainmnitheach / hainmnitheach go réasúnta, ag tabhairt faoi deara an sainchúram an-fhairsing atá ar an Oifig SIRC agus castacht na hOllscoile.
- Comhghleacaithe sóisearacha laistigh den Oifig SIRC a bhainistiú ó thaobh cúram agus oiliúint a chur orthu, maoirseacht a dhéanamh orthu, agus iad a chóitseáil ó lá go lá

### **Tuarastal: € 69,226 - 80,894 in aghaidh na bliana**

Déanfar ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag <https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/>

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear uathu siúd a mbaineann aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe leo. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/> Soláthrófar cóiríocht réasúnta d’aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

### **Critéir Roghnúcháin**

Tá Creat Cnuasach Poist ag UCD agus tá an ról seo mar chuid den Chnuasach Poist um Dhlí, Rialachas agus Comhlíonadh agus ailíníonn sé le Leibhéal Gairme 5. Tá tuilleadh sonraí ar na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha atá leagtha amach sa Chreat Cnuasach Poist ar fáil ag <https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/>

Éigeantach:

## Taithí agus Cáilíochtaí

- Cáilíocht tríú leibhéal (Leibhéal 7 nó níos airde) agus cáilíocht fhoirmeálta i sláinte agus sábháilteacht nó cáilíocht tríú leibhéal (Leibhéal 7 nó níos airde) i sláinte agus sábháilteacht
- Cúig bliana ar a laghad de thaithí ábhartha ar shláinte agus sábháilteacht
- Eolas mionsonraithe ar reachtaíocht reatha agus ar dhea-chleachtas maidir le sláinte agus sábháilteacht
- Taithí ar chórais bainistíochta sábháilteachta a chur chun feidhme
- Taithí ar chúrsaí oiliúna sláinte agus sábháilteachta a dhearadh agus a sheachadadh

## Inniúlachtaí Feidhmiúla

- **Comhlíonadh & Rialachas (Leibhéal Oilteachta 3).** Feasacht agus tuiscint láidir ar an timpeallacht chomhlíonta sheachtrach, lena n-áirítear na riachtanais a bhaineann le comhlachtaí reachtúla agus rialála ábhartha chomh maith leis an reachtaíocht is infheidhme. Cumas chun leas a bhaint as eolas ar reachtaíocht is infheidhme chun comhairle agus treoir a chur ar fáil do phobal na hollscoile i gcoitinne.
- **Bainistiú Riosca (Leibhéal 3):** Cumas chun riosca a mhaolú agus a bhainistiú mar a bhaineann sé le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre.
- **Beartas, Nós Imeachta & Cleachtas na hOllscoile (Leibhéal 3):** Eolas láidir ar bheartais agus cleachtas ábhartha ollscoile agus ar an gcaoi a léirmhínítear iad agus a gcuirtear chun feidhme iad. Taithí ar dhóiciméadú beartais a fhorbairt agus ar chur leis, go hidéalach in eagraíocht chasta mhór.
- **Feasacht agus Grinneas Tráchtála (Leibhéal 1):** Tuiscint ar sholáthar poiblí conarthaí seirbhíse.

## Príomhinniúlachtaí

- **Oibriú go Straitéiseach (Leibhéal Oilteachta 1):** Tuiscint ar Fhís an Aonaid agus ar an gcaoi a n-ailíníonn siad le cuspóirí agus spriocanna na hOllscoile.
- **Páirtithe Leasmhara a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas láidir chun an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a thuiscint agus freastal ar a riachtanais, fad atá ionchais á mbainistiú. Tuiscint ar thimpeallacht éagsúil na hOllscoile agus ar an ngá le caidrimh oibre láidre le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha a fhorbairt agus a choimeád.
- **Daoine a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas chun an obair cheart a ailíniú leis na daoine cearta; tascanna a tharmligean do dhaoine de réir a gcuid buanna agus spéiseanna; agus a chinntiú go bhfuil na scileanna agus na hacmhainní réasúnta ag daoine chun rudaí a dhéanamh. Cumas láidir chun foirne láidre a chruthú agus aiseolas lánbhrí a sholáthar go rialta a ligeann do dhaoine rath a bhaint amach, rud a thacaíonn le dul chun cinn gairme agus dúshlán feidhmíochta, agus taithí air sin.
- **Athrú a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas chun timpeallacht nuálaíochta agus athraithe a chothú a nglactar le meon dearfach i leith an athraithe fad a chinntítear baint agus rannpháirtíocht chuí páirtithe leasmhara i gcláir/dtionscadail a bhaineann le hathrú agus a n-ailíniú le Bunluachanna UCD.
- **Bainistíocht Tionscadail (Leibhéal Oilteachta 3):** Cumas chun buiséid, tionscadail agus soláthraithe seirbhíse tríú páirtí a bhainistiú agus breithiúnas stuama ó thaobh tráchtála de a chur i bhfeidhm fad atá riachtanais na hollscoile agus na hearnála poiblí á gcomhlíonadh
- Ní mór d'iarthóirí feasacht ar chlár oibre comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe a léiriú

**Eolas Breise:**

|  |   |
|--|---|
| An Ollscoil:                                       | <a href="https://www.ucd.ie/">https://www.ucd.ie/</a>   |
| Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí        | <a href="https://strategy.ucd.ie/">https://strategy.ucd.ie/</a>                               |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta:                   | <a href="http://www.ucd.ie/sirc">www.ucd.ie/sirc</a>  |
| An Scoil/Oifig Chláir/Aonad:                       | <a href="http://www.ucd.ie/sirc">www.ucd.ie/sirc</a>  |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD | <a href="https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/">https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/</a> |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

Tabhair faoi deara go bhfuil an chuid seo roghnach. Seolfar iarratais chuig riarthóir AD sannta.

|                   |                    |
|-------------------|--------------------|
| Ainm:             | Sarah Carry        |
| Teideal:          | Bainisteoir SIRC   |
| Seoladh r-phoist: | sarah.carry@ucd.ie |
| Fón:              |                    |